C/2024/1025

24.1.2024

Foilsiú teachtaireachta maidir le formheas leasaithe chaighdeánaigh ar shonraíocht táirge le haghaidh ainm in earnáil an fhíona dá dtagraítear in Airteagal 17(2) agus (3) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún

(C/2024/1025)

Foilsítear an teachtaireacht seo i gcomhréir le hAirteagal 17(5) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/33 ón gCoimisiún [1].

FORMHEAS LEASAITHE CHAIGHDEÁNAIGH A CHUR IN IÚL

'Mittelrhein'

PDO-DE-A1269-AM02

Dáta teachtaireachta: 19.10.2023

TUAIRISC AR AN LEASÚ FORMHEASTA AGUS CÚISEANNA LEIS

1. Tuairisc ar na hathruithe

(a) Saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha

Déanfar an tásc ar an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta a chónascadh leis an bhfocal 'agus' amach anseo. Cuireadh an abairt seo a leanas maidir le cuntasaíocht siléir isteach ar mhaithe le soiléiriú: 'Ní mór an meáchan úrfhíona sa choimeádán coipthe a dhoiciméadú.'

Rinneadh an tuairisc orgánaileipteach níos caolchúisigh.

(b) Críochú an limistéir

Cuireadh na dáileachtaí seo a leanas san áireamh i gcríochnú ATFC 'Mittelrhein':

Niederhammerstein	0328	5	609	3
Niederhammerstein	0328	5	615	6
Niederhammerstein	0328	5	709	3
Boppard	1820	20	109	77
Boppard	1820	20	110	78
Dattenberg	0315	17	261	172
Dattenberg	0315	17	262	44
Koblenz	1401	8	1 044	556
Trechtingshausen	3508	4	199	0
Trechtingshausen	3508	4	200	2
Trechtingshausen	3508	4	201	2
Trechtingshausen	3508	4	202	0
Trechtingshausen	3508	4	203	2
Trechtingshausen	3508	4	205	0
Trechtingshausen	3508	4	212	3
Trechtingshausen	3508	4	214	0
Trechtingshausen	3508	4	215	0

[1] IO L 9, 11.1.2019, lch. 2.

Trechtingshausen	3508	4	216	0
Trechtingshausen	3508	4	217	0
Trechtingshausen	3508	4	218	2
Trechtingshausen	3508	4	219	0
Trechtingshausen	3508	4	220	0
Trechtingshausen	3508	4	221	0
Trechtingshausen	3508	4	222	0
Trechtingshausen	3508	4	224	0
Trechtingshausen	3508	4	225	0
Trechtingshausen	3508	4	226	1
Trechtingshausen	3508	4	227	1
Trechtingshausen	3508	4	230	1
Trechtingshausen	3508	4	238	1
Trechtingshausen	3508	4	240	1
Trechtingshausen	3508	4	241	0
Trechtingshausen	3508	4	269	0
Trechtingshausen	3508	4	270	0
Trechtingshausen	3508	4	274	0
Trechtingshausen	3508	4	275	0
Trechtingshausen	3508	4	278	0
Trechtingshausen	3508	4	546	223
Trechtingshausen	3508	4	569	239
Trechtingshausen	3508	4	614	237
Trechtingshausen	3508	4	815	206

Tá na rialacha maidir le táirgeadh liostaithe i bhfophointe ar leith anois.

(c) Cineálacha fíonchaor

Léiríodh na cineálacha fíonchaor seo a leanas go dtí seo i bpointe 8 den tsonraíocht táirge:

Fíon geal:

Albalonga, Arnsburger, Auxerrois (Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois), Bacchus, Blauer Silvaner, Bronner, Cabernet Blanc, Calardis Blanc, Chardonnay, Chardonnay Rosé (Rosa Chardonnay), Ehrenbreitsteiner, Ehrenfelser, Faberrebe (Faber), Felicia, Findling, Freisamer, Früher Malingre (Malinger), Früher Roter Malvasier (Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie), Gelber Muskateller (Blanc, Muscat, Moscato, Muskateller), Goldmuskateller, Goldriesling, Grüner Silvaner (Silvaner, Sylvaner), Grüner Veltliner (Veltliner), Helios, Hibernal, Hölder, Huxelrebe (Huxel), Johanniter, Juwel, Kanzler, Kerner, Kernling, Merzling, Morio-Muskat, Müller Thurgau (Rivaner), Muscaris, Muskat-Ottonel, Nobling, Optima 113 (Optima), Orion, Ortega, Osteiner, Perle, Phoenix (Phönix), Prinzipal, Regner, Reichensteiner, Rieslaner, Roter Elbling (Elbling Rouge, Elbling), Roter Gutedel (Chasselas Rouge, Gutedel, Chasselas), Roter Müller-Thurgau, Roter Muskateller (Muskateller, Moscato, Muscat), Roter Riesling, Roter Traminer (Gewürztraminer, Clevner, Traminer), Ruländer (Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pinot Gris), Saphira, Sauvignon Blanc, Sauvignon Cita, Sauvignon Gryn, Sauvignon Sary, Sauvitage, Scheurebe, Schönburger, Septimer, Siegerrebe (Sieger), Silcher, Sirius, Solaris, Souvignier Gris, Staufer, Trebbiano di Soave, Villaris, Weißer Burgunder (Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc), Weißer Elbling (Elbling), Weißer Gutedel (Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Gutedel, Chasselas), Weißer Riesling (Riesling Renano, Rheinriesling, Klingelberger, Riesling), Würzer.

Fíon dearg agus fíon rosé:

Accent, Acolon, Allegro, Baron, Blauburger, Blauer Frühburgunder (Pinot Noir Precoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder), Blauer Limberger (Lemberger, Blaufränkisch, Limberger), Blauer Portugieser (Portugieser), Blauer Spätburgunder (Pinot Nero, Pinot Noir, Samtrot, Spätburgunder), Blauer Trollinger (Trollinger, Vernatsch), Blauer Zweigelt (Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt), Bolero, Cabernet Cantor, Cabernet Carbon, Cabernet Carol, Cabernet Cortis, Cabernet Cubin (Cubin), Cabernet Dorio (Dorio), Cabernet Dorsa (Dorsa), Cabernet Franc, Cabernet Mitos (Mitos), Cabernet Sauvignon, Cabertin, Calandro, Dakapo, Deckrot, Domina, Dornfelder, Dunkelfelder, Färbertraube, Hegel, Helfensteiner, Heroldrebe, Merlot, Monarch, Müllerrebe (Schwarzriesling, Pinot Meunier), Muskattrollinger, Neronet, Palas, Pinotin, Piroso, Prior, Reberger, Regent, Rondo, Rosenmuskateller, Rotberger, Rubinet, Saint-Laurent (St. Laurent, Sankt Laurent), Syrah (Shiraz), Tauberschwarz, Wildmuskat.

LEASUITHE:

Amach anseo cuirfear 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' in ionad 'fíon geal' agus 'fíon dearg agus rosé'.

Cuireadh na cineálacha a leanas leis:

Cineálacha fíonchaor geal:

'Blütenmuskateller, Donauriesling, Gm 643-10, Gm 643-17, Petite Arvine, Sauvignac, Sauvignon gris, Savagnin Blanc, We S 523'

Cineálacha fíonchaor dearg:

'Divico'

Scriosadh na comhchiallaigh.

(d) Ceanglais is infheidhme

Ceanglais is infheidhme faoin reachtaíocht náisiúnta:

Cuireadh an fhoráil maidir le sonrúcháin leis, ar dá réir a fhéadfar gnéithe de shonrúchán atá rialaithe go dlíthiúil a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Na ceanglais atá le comhlíonadh ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC:

Cuireadh ceanglas maidir le lipéadú leis:

Ní fhéadfar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú táirgí ATFC 'Mittelrhein' a cuirtear ar an margadh le léiriú ar an gcineál fíniúna. Ceadaítear meascadh le tréithchineálacha nua.

I gcás ina ndearnadh táirge ó fhíonchaora ó thréithchineálacha nua amháin, ní mór é a chur ar an margadh gan an cineál fíniúna a léiriú ar an lipéad.

(e) Comhlacht rialaithe

Ceartú ar uimhir facs Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine-na Palaitíneachta (*Landwirtschaftskammer Rheinland-Pfalz* – LWK).

Scriostar an abairt seo a leanas i bpointe 11.2.3, 'Seiceáil cáilíochta', den tsonraíocht: 'Déantar seiceáil éigeantach ar gach Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe).'

(f) Eile

Sa mhír 'Nasc leis an limistéar', rinneadh na tuairiscí ar na catagóirí 'fíon', 'fíon leathshúilíneach' agus 'fíon súilíneach ar ardchaighdeán' a shoiléiriú agus cuireadh friotal úr orthu. Ní gá leasú Aontais a chur isteach, mar nach neamhnítear an nasc leis an limistéar geografach leis na leasuithe (cf. Airteagal 14 de Rialachán (AE) 2019/33).

Rinneadh na leasuithe a leanas:

Cuireadh le pointe 9.4.1, catagóir 'Fíon' den tsonraíocht táirge. Is mar a leanas a bhí an abairt atá i gceist i dtosach: Ní mór go gcomhlíonfadh 'Prädikatsweine' (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad.' Is mar a leanas a léitear anois é: Ní mór go gcomhlíonfadh 'Prädikatsweine' (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad agus níor cheart iad a shaibhriú.'

Cuireadh friotal úr ar abairt i bpointe 9.4.2, an chatagóir 'Fíon leathshúilíneach' den tsonraíocht táirge. Is mar a leanas a léitear an abairt atá le leasú: 'Déantar an táirgeadh trí choipeadh nó trí aigéad carbónach inginiúil a chur leis'. Tar éis an leasaithe, is mar a leanas a léifear é: 'Coinnítear cuid den dé-ocsaíd charbóin a dhíorthaítear go nádúrtha ó choipeadh le linn coipthe.'

Cuireadh an chéad choipeadh le pointe 9.4.3, an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán' den tsonraíocht táirge. Go dtí seo, de réir na tuairisce, ní fhéadfaí fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh ach trí bhíthin an dara coipeadh ar an mbunfhíon súilíneach. Ciallaíonn an leasú gur féidir fíon súilíneach ar ardchaighdeán a tháirgeadh tríd an gcéad choipeadh.

2. **Na cúiseanna leis na hathruithe**

(a) Saintréithe anailíseacha agus/nó orgánaileipteacha

Ós rud é go mbaintear an tábla comhshó, níl bunús dlí ann a thuilleadh leis an tagairt don mheáchan úrfhíona nádúrtha íosta. Mar sin féin, ós rud é go n-oibríonn táirgeoirí i gcleachtas leis an Öchslegrade (scála an mheáchan úrfhíona), beidh sé sin sa tsonraíocht táirge fós. Déanfar an tásc ar an neart alcóil nádúrtha íosta agus an meáchan úrfhíona nádúrtha íosta a chónascadh dá bhrí sin leis an bhfocal 'agus'. Léirítear go soiléir leis sin nach mór do tháirgeoirí cloí le luach an íosmhéid nirt alcóil nádúrtha agus le luach an íosmheáchain úrfhíona nádúrtha má tá siad chun táirgí a mhargú mar ATFC 'Mittelrhein'. Chun míthuiscintí a sheachaint maidir le cuntasaíocht siléir, chinn an comhlachas cosanta (*Schutzgemeinschaft*) abairt a chuir isteach lena soiléirítear nach gá ach meáchan úrfhíona a thaifeadadh i dtaifid na fíonlainne.

Rinneadh an tuairisc orgánaileipteach níos caolchúisigh chun léiriú níos fearr a thabhairt ar shaintréithe sonracha gach táirge agus ar na difríochtaí idir na táirgí sin agus na difríochtaí i limistéir táirgthe eile.

(b) Críochú an limistéir

Tá an dáileacht chadastrach in Koblenz, ar a dtugtar an Weindorf, ina cuid de ATFC bunaidh 'Mittelrhein' agus ba chóir í a áireamh dá bhrí sin sa críochú ón tús. Tá sé sin á leigheas anois.

Comhlíonann na dáileachtaí eile atá le háireamh na ceanglais maidir le leanúnachas críochach agus tá siad ina gcuid de thír-raon comhdhlúite. Cuireadh an nós imeachta a leagtar síos i rialacha nós imeachta an chomhlachais cosanta 'Mittelrhein' i bhfeidhm orthu freisin.

Cuirtear an sliocht ar tháirgeadh i láthair i bhfophointe ar leith lena shoiléiriú go bhfuil feidhm aige maidir leis an Réin Thuaidh-Westphalia agus Dúiche na Réine-na Palaitíneachta araon.

(c) Cineálacha fíonchaor

Bhí an liosta de chineálacha fíonchaor neamhiomlán agus rinneadh é a fhorlíonadh, ós rud é gur cheart na cineálacha go léir a bhí aicmithe roimhe atá á saothrú i limistéar Mittelrhein a lua, mar go bhfuil sé cruthaithe cheana a luachmhaire is atá na cineálacha sin sa réigiún. Comhlíonann na fíonta a tháirgtear ó na cineálacha sin ceanglais na sonraíochta táirge.

Amach anseo, beidh na cineálacha fíonchaor liostaithe faoi na ceannteidil 'cineálacha fíonchaor geal' agus 'cineálacha fíonchaor dearg' seachas 'fíon geal' agus 'fíon dearg agus rosé', ós rud é gurb é an liosta de chineálacha fíonchaor sa tsonraíocht táirge, seachas an táirge deiridh, a chinneann cibé acu an féidir nó nach féidir cineálacha a shaothrú.

Scriosadh na comhchiallaigh, mar gurb ionann an liosta de chineálacha fíonchaora sa tsonraíocht táirge, agus 'cead pleanála', seachas ceanglas lipéadaithe.

(d) Ceanglais is infheidhme

Ceanglais is infheidhme faoin reachtaíocht náisiúnta:

Tá na rialacha nua maidir le sonrúcháin beartaithe chun coincheapa sonrúcháin sa dlí náisiúnta nach bhfuil faoi chosaint e-Ambrosia a shoiléiriú.

Na ceanglais atá le comhlíonadh ag eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC:

Leis na rialacha um lipéadú, cosnaítear táirgí ATFC ar chaillteanas luacha a d'fhéadfadh tarlú.

Tá gnéithe amhairc lipéid an-tábhachtach do thomhaltóirí. Dá gcuirfí táirge ATFC ar an margadh agus tréithchineál nua priontáilte ar an lipéad, ní thuigfeadh an tomhaltóir cad is brí leis an tásc nó ní thuigfeadh sé gur táirgí ó shaothrú turgnamhach iad gan é sin a bheith chur in iúl go soiléir, agus mar thoradh air sin bheadh sé deacair dóibh a chinneadh an gceannóidh siad nó nach gceannóidh siad an táirge. D'fhéadfadh sé nach mbeadh a fhios ag tomhaltóirí gur cineálacha aicmithe iarbhír atá iontu sin a bhfuil a luach cruthaithe acu cheana féin, agus mar sin d'fhéadfaidís measúnú diúltach a dhéanamh orthu gan deis a bheith acu na táirgí a bhlaiseadh. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag an tuiscint dhiúltach a chruthaítear mar sin ar raon iomlán tháirgí 'Mittelrhein', mar gheall ar na táirgí sin a bheith lipéadaithe mar ATFC 'Mittelrhein', agus dá bhrí sin d'fhéadfadh sé dul i gcion ar dhíolachán tháirgí ATFC 'Mittelrhein' freisin.

(e) Comhlacht rialaithe

Athraíodh uimhir facs Chomhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta.

Scriosadh an abairt chun dúbailt a sheachaint.

(f) Eile

Athraíodh foclaíocht Phointe 9.4.1, an chatagóir 'Fíon', den tsonraíocht táirge, chun idirdhealú a dhéanamh idir Prädikatsweine (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) agus Qualitätsweine (fíonta ar ardchaighdeán).

Athraíodh foclaíocht phointe 9.4.2, an chatagóir 'Fíon leathshúilíneach' den tsonraíocht táirge chun teacht leis na nósanna imeachta iarbhír a bhaineann le fíon leathshúilíneach a dhéanamh.

Cuireadh an chéad choipeadh le pointe 9.4.3, an chatagóir 'Fíon súilíneach ar ardchaighdeán', den tsonraíocht táirge, mar, faoin tuairisc roimhe seo ar an gcatagóir, ní fhéadfaí fíon den sórt sin a tháirgeadh ach le coipeadh tánaisteach. Níl sé sin i gcomhréir a thuilleadh leis an gcleachtas atá ann faoi láthair, ós rud é gur féidir fíon súilíneach ar ardchaighdeán a dhéanamh anois leis an gcéad choipeadh.

DOICIMÉAD AONAIR

1. **Ainm(neacha)**

Mittelrhein

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

ATFC – Sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint

3. **Catagóirí táirgí fíniúna**

1. Fíon

5. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

8. Fíon leathshúilíneach

4. **Tuairisc ar an bhfíon nó ar na fíonta**

1. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), geal

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ag brath ar an gcineál fíonchaoire, d'fhéadfadh boladh torthaí agus boladh torthaí andúchasacha a bheith air den chuid is mó. Go sonrach, ag brath ar an gcineál fíonchaoire agus ar na hoibríochtaí siléir, tá bolaithe bláthacha agus glasa ar na fíonta amhail piobair ghlasa agus féar glas, nó boladh musc-chaoire agus róis, meala agus torthaí triomaithe freisin, chomh maith le gnéithe spíosracha amhail boladh féir, toite agus mianrach. Ag brath ar an bpróiseas fíonóireachta, féadfaidh na bairillí adhmaid tóstáilte boladh fanaile, tóstáilte agus cnó cócó a chur leis an gcumhracht. Féadfaidh teicnící aibithe laghdaitheacha boladh breochloiche agus strufail a chur leis, agus d'fhéadfadh teicnící aibithe ocsaídiúcháin boladh úll ocsaídithe agus boladh cnónna a chur leis. Bíonn cothromaíocht chomhchuí idir aigéadacht agus milseacht ag na fíonta de ghnáth. Is gnách go mbíonn tathag éadrom go láidir mar aon le struchtúr aigéid maorga go goinbhlasta fuinniúil ina shainghné ag na fíonta. Go sonrach, tá na cineálacha Riesling agus na cineálacha aicme Burgunder in ann *terroir* an fhíonghoirt a chur in iúl i ngnéithe céadfacha na bhfíonta a tháirgeann siad. Mar shampla, le himprisean na haigéadachta, méid mhaolú na haigéadachta, agus na bolaithe mianracha, is féidir cineálacha éagsúla carraige agus ithreacha iarmharacha éagsúla réigiún Mittelrhein a bhrath. Athraíonn na dathanna go ginearálta ó dhath gealbhuí le himreacha glasa go buí ar dhath na tuí agus buí órga nó fiú imireacha ómra. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire agus ar an mbliain, is féidir toin bheaga dhearga a fheiceáil iontu freisin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

2. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), dearg

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is iad blasanna de thorthaí dearga an ghné is mó atá ag na fíonta. D'fhéadfadh sé go mbeadh blasanna glasa astú freisin amhail piobair ghlasa, róslabhras agus gas glas. Ag brath ar na hoibríochtaí siléir agus ar na bairillí adhmaid a úsáidtear le haghaidh aosú, d'fhéadfadh bolaithe spíosracha a bheith as an gcumhracht freisin, amhail boladh fanaile, tóstáilte, seacláide agus cnó cócó, chomh maith le bolaithe laghdaitheacha breochloiche agus strufail. Is iondúil go mbíonn struchtúr aigéid bog mín go suntasach ag baint leis na fíonta sin a bhíonn idir éadroma agus thorthaíocha agus tathagach de ghnáth. Go sonrach, tá an cineál Spätburgunder ábalta *terroir* an fhíonghoirt a chur in iúl i ngnéithe céadfacha na bhfíonta a tháirgeann sé. Mar shampla, le himprisean na haigéadachta, méid mhaolú na haigéadachta céadfaí, agus na bolaithe mianracha, is féidir cineálacha éagsúla carraige agus ithreacha iarmharacha éagsúla réigiún Mittelrhein a bhrath. Is gnách go n-athraíonn an dath dearg ó dhath caordhearg go dath an-dorcha tromáin, go scothghorm agus imireacha donnbhuí ann.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

3. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), rosé; Weißherbst, Blanc de Noir

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Táirgtear na cineálacha fíona sin ó chineálacha fíonchaor dearg a bhrúitear go bog. Is iondúil go n-athraíonn fíonta Rosé agus Weißherbst ó dhath éadrom an róis go bándearg go dath éadrom dearg, agus bíonn speictream datha fíonta geala ar fhíonta Blanc de Noir. Mar thoradh go ndéantar na húrfhíonta a aosú cosúil le fíon geal, is gnách go mbíonn bolaithe torthaíocha de chaora agus de thorthaí dearga astu den chuid is mó, amhail sútha craobh, sútha talún, cuiríní dubha agus silíní, ach bíonn bolaithe líomóidí, úll agus seadóg astu freisin. Ag brath ar an gcineál fíonchaoire a úsáidtear, d'fhéadfadh blasanna spíosracha a bheith ar na fíonta agus d'fhéadfadh boladh piobair ghlais agus luibhe a bheith astu, agus, má aibítear iad in adhmad, boladh fanaile, tóstáilte agus boladh cnó cócó freisin. D'fhéadfadh blasanna bláthacha fíneálta a bheith ar fhíonta Blanc de Noir freisin. Is gnách go mbíonn blas cosúil le blas na bhfíonta geala ar na fíonta.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

4. Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Rotling

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn dath dearg éadrom idir meathdhearg agus an-dearg ar na fíonta Rotling go ginearálta. Bíonn boladh torthaíoch astu de ghnáth, nó d'fhéadfadh siad a bheith beagán spíosrach, le blasanna de chaora, torthaí póma agus torthaí citris. Bíonn blas a bhíonn idir mín agus saibhir orthu chomh maith le struchtúr aigéid bríomhar.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. Prädikatswein Kabinett (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Kabinett')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is iondúil go mbíonn neart alcóil idir íseal agus mheasartha ar na fíonta sin. Bíonn na fíonta torthaíoch agus úr de ghnáth, agus is iondúil go gcuireann siad saintréithe na gcineálacha as a ndéantar iad mar aon le haigéadacht bhríomhar in iúl go soiléir. Ag brath ar na hoibríochtaí siléir agus ar an méid aosaithe is inmhianaithe, d'fhéadfadh bolaithe mianracha agus bolaithe a chuirfeadh breochloch nó strufail i gcuimhne a bheith ina gcumhracht chineálsonrach. Is iondúil go mbíonn neart alcóil íseal i bhfíonta Kabinett a bhfuil siúcra iarmharach iontu go háirithe agus go mbíonn cothromaíocht spreagúil idir aigéadacht agus mhilseacht iontu.

Is gnách go n-athraíonn dath na bhfíonta Kabinett geala ó dhath buí éadrom le himreacha glasa go buí níos doimhne, agus is gnách go n-athraíonn fíonta dearga Kabinett ó dhath caordhearg go dath an-dorcha tromáin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

6. Prädikatswein Spätlese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Spätlese')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Mar gheall ar mheáchain úrfhíona níos mó, agus dá bhrí sin fíonchaora níos aibí de ghnáth, is gnách go gcuireann fíonta Spätlese saintréithe an chineáil fíonchaoire in iúl go láidir, agus tathag níos mó agus neart alcóil níos airde iontu. Is iondúil go mbíonn torthaí buí aibí agus struchtúr aigéid aibí, níos comhchuibhithe ina sainghné dá gcumhracht. Forbraítear fíonta Spätlese den chuid is mó chun milseacht shainiúil a fháil, a mhéid is féidir óna siúcra iarmharach féin. Is gnách go n-athraíonn dath na bhfíonta Spätlese geala ó dhath buí éadrom go dath buí órga, agus athraíonn fíonta dearga Spätlese den chuid is mó ó dhath caordhearg go dath an-dorcha tromáin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

7. Prädikatswein Auslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Beerenauslese')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Ciallaíonn úsáid fíonchaor atá aibithe go hiomlán agus atá ró-aibí go bunúsach go mbraitear go mór saintréithe na gcineálacha a úsáidtear chun na fíonta sin a dhéanamh. Chomh maith le fíonchaora a aibíodh ar feadh tréimhse níos faide ar an bhfíniúin, féadfar fíonchaora a tháinig chun bheith comhchruinnithe trí lobhadh uasal (*Botrytis cinerea*) a úsáid freisin. Baineann torthaí an-bhuí, agus bolaithe coimhthíocha uaireanta leis na fíonta sin. D'fhéadfadh blasanna fíneálta amhail blasanna meala agus balsamacha teacht as na fíonchaora rísínithe atá ann. Forbraítear fíonta Auslese den chuid is mó chun milseacht shainiúil a fháil, a mhéid is féidir óna siúcra iarmharach féin. Is gnách go n-athraíonn dath na bhfíonta Auslese geala ó dhath buí éadrom go dath buí órga, agus athraíonn fíonta dearga Auslese den chuid is mó ó dhath caordhearg go dath an-dorcha tromáin.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

8. Prädikatswein Beerenauslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Beerenauslese')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Déantar fíonta 'Mittelrhein' ag a bhfuil gné ar leith 'Beerenauslese' as caora ró-aibí, triomaithe nó botraíteasaithe, agus dá bhrí sin bíonn dath dian idir buí órga agus cosúil le hómra orthu agus bíonn cion ard siúcra, agus uigeacht atá beagán olúil ag baint leo. I dtéarmaí blais, bíonn siad an-mhilis de ghnáth agus struchtúr sainiúil aigéid idir measartha agus cumhachtach acu. Baineann a raon bolaithe idir torthaíoch agus spíosrach agus fiú luibhe, le blasanna de thorthaí idir aibí agus ró-aibí, torthaí triomaithe, mil agus spíosraí. Toisc go bhforbraítear fíonta Beerenauslese le siúcraí iarmharacha de ghnáth, bíonn siad ina bhfíonta geala agus rosé den chuid is mó a mbíonn neart alcóil idir measartha agus an-íseal iontu. I gcás fíonta geala sa chatagóir Beerenauslese, is gnách go mbíonn an dath idir buí éadrom agus gach imir ómra.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

9. Prädikatswein Eiswein (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Eiswein')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Déantar fíonta 'Mittelrhein' ag a bhfuil an tréith ar leith 'Eiswein' a bhrú ó fhíonchaora a bhíonn reoite go nádúrtha nuair a bhaintear agus nuair a bhrúitear iad, rud a chiallaíonn go mbíonn comhábhair na bhfíonchaor an-tiubhaithe agus go mbíonn lobhadh beag ann uaireanta ó *Botrytis cinerea*. Dá bhrí sin, is gnách go mbíonn milseacht dhian agus aigéadacht láidir ag fíonta Eiswein, ag brath ar an am a thógann sé na teochtaí ísle is gá a bhaint amach a luaithe a bhíonn na fíonchaora aibithe go hiomlán. Tá na bolaithe cineálacha faoi seach níos suntasaí, cé gur gnách go mbíonn na bolaithe ina mbolaithe torthaíocha seachas lobhadh uasal a bheith ina shainghné acu. Is gnách go n-athraíonn dath fíonta geala Eiswein ó dhath buí éadrom go dtí dath ómra.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

10. Prädikatswein Trockenbeerenauslese (fíon ag a bhfuil gné ar leith 'Trockenbeerenauslese')

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is gnách go mbíonn cion siúcra níos airde fós ag na fíonta sin ná mar a bhíonn ag fíonta Beerenauslese mar gheall ar na fíonchaora botraíteasaithe níos tiubhaithe agus mar gheall ar an iarracht níos mó a dhéantar lena roghnú. Dá bhrí sin, is gnách go mbíonn na fíonta thar a bheith milis agus, ag brath ar an gcineál fíonchaoire, bíonn aigéadacht an-tiubhaithe chomh maith le neart alcóil measartha go han-íseal ag baint leo. Tá na bolaithe cosúil le bolaithe fíonta Beerenauslese ach bíonn siad níos déine go ginearálta. Is gnách go n-athraíonn fíonta geala Trockenbeerauslese ó dhath buí éadrom go dath ómra dorcha.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

11. Fíon súilíneach ar ardchaighdeán

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Is gnách go léiríonn fíon súilíneach ar ardchaighdeán cion measartha siúcra na bhfíonchaor. Caomhnaíonn an teicníc shéimh bainte agus brúite an struchtúr aigéid níos airde a bhíonn níos bríomhaire go ginearálta. De ghnáth, is éard atá i gceist le fíonta Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) an cineál bunfhíona, na cineálacha fíonchaor a úsáidtear, agus fad na tréimhse a choinnítear an fíon ar a mhoirt le linn na táirgeachta. Is féidir leis sin blasanna beagán cnónna agus brioche a chruthú, ag brath ar an bhfad a choinnítear an fíon ar a mhoirt. Féadfaidh bunfhíonta súilíneacha a aosaítear agus iad i dteagmháil le hadhmad darach bolaithe rósta agus spíosracha a chruthú san fhíon súilíneach. Bíonn na fíonta súilíneacha úr, torthaíoch, aigéadach, blasta de ghnáth agus ní bhíonn méid mór alcóil iontu. Is ar éigean go mblaistear an tsiúcra iarmharach agus athraíonn sé go blas an-mhilis go ginearálta. I bprionsabal, bíonn broidearnach shuntasach go broidearnach chumhachtach acu. Is gnách go mbíonn a ndath idir bhánbhuí le himreacha glasa agus dath an blátha líomaí agus dathanna rosé le toin éagsúla dhearga uaireanta. Bíonn broidearnach dhian agus struchtúr bog ag crémant de ghnáth. De ghnáth, bíonn a mbolaithe idir thorthaíoch agus aibí agus ghiostach agus spíosrach, agus bíonn tionchar ag an gcineál bunfhíona ar na bolaithe, anuas ar na cineálacha fíonchaor a úsáidtear agus fad na tréimhse a choinnítear an fíon ar a mhoirt. Mar gheall ar an am íosta níos faide a chaitear ar an moirt, táirgtear fíonta míne, uachtarúla agus dea-thomhaiste crémant.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

12. Fíon leathshúilíneach

TUAIRISC ACHOMAIR I SCRÍBHINN

Bíonn broidearnach mhín ag fíonta leathshúilíneacha ar ardchaighdeán de ghnáth. Is gnách go mbíonn boladh torthaí, boladh úr agus tréithe éagsúla ar leith ag baint leo, cé go dtugtar úire agus beogacht bhreise dóibh leis an dé-ocsaíd charbóin de ghnáth. Leis na cineálacha aramatacha is coitianta a úsáidtear, is féidir bolaithe bláthacha agus blasanna torthaí coimhthíocha a tháirgeadh go háirithe, chomh maith le blasanna sútha craobh, silíní agus sútha talún. Ó thaobh datha de, is iondúil go mbíonn a ndath idir bhuí éadrom agus imireacha glasa agus dath an bhlátha líomaí, bhándearg agus dhearg orthu.

Féadfaidh neart alcóil iomlán fhíon ATFC 'Mittelrhein' a tháirgtear gan aon saibhriú a bheith níos mó ná 15 % de réir toirte.

I gcás nach dtugtar aon fhigiúr maidir le saintréithe anailíseacha, tá feidhm ag an reachtaíocht atá ann faoi láthair.

Saintréithe anailíseacha ginearálta	
Neart alcóil uasta (% de réir toirte)	
Neart alcóil iarbhír íosta (de réir toirt %)	
Aigéadacht iomlán íosta	
Aigéadacht luaineach uasta (ina milleachoibhéisí in aghaidh an lítir)	
Dé-ocsaíd sulfair iomlán uasta (ina milleagraim in aghaidh an lítir)	

5. **Cleachtais fíonóireachta**

5.1. *Cleachtais fhíoneolaíocha shonracha*

1. Gach táirge

   Cleachtas fíoneolaíoch sonrach

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

2. Gach táirge

   Srianadh ábhartha maidir leis na fíonta a dhéanamh

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

3. Gach táirge

   Cleachtais saothraithe

   Tá feidhm ag an reachtaíocht atá i bhfeidhm faoi láthair.

5.2. *Uastáirgeacht*

1. Gach táirge

   105 heictilítear in aghaidh an heicteáir

6. **Limistéar geografach críochaithe**

I nDúiche na Réine-Phalaitíneacht clúdaítear sa sonrúchán tionscnaimh faoi chosaint fíonghoirt na mbardas agus na limistéar bardasach seo a leanas: Bacharach (Bacharach (3503), Steeg (3502)), Bad Ems (0950), Bad Hönningen (0326), Boppard (Boppard (1820), Hirzenach (1824)), Bornich (0905), Braubach (0934), Breitscheid (Landkreis Mainz-Bingen) (0261), Brey (1388), Damscheid (1845), Dattenberg (0315), Dausenau (0947), Dörscheid (0904), Fachbach (0951), Filsen (0932), Hammerstein (Niederhammerstein (0328), Oberhammerstein (0329)), Kamp-Bornhofen (0931), Kasbach- Ohlenberg (Niederkasbach (0307)), Kaub (0902), Kestert (0918), Koblenz (Ehrenbreitstein (1416), Koblenz (1401), Niederberg (1413)), Lahnstein (Oberlahnstein (0961)), Langscheid (1207, 1843), Leubsdorf (0316), Leutesdorf (0330), Linz am Rhein (0310), Manubach (3504), Nassau (0837), Niederburg (1840), Niederheimbach (3507), Nochern (0914), Oberdiebach (3505), Oberheimbach (3506), Obernhof (0832), Oberwesel (Dellhofen (1842), Oberwesel (1841)), Osterspai (0933), Patersberg (0909), Perscheid (1844), Rheinbreitbach (0291), Rheinbrohl (0327), Rhens (1387), Sankt Goar (St. Goar (1837), Werlau (1836)), Sankt Goarshausen (Ehrenthal (0908), St. Goarshausen (0906), Wellmich (0907)), Spay (Oberspay (1390)), Trechtingshausen (3508), Unkel (Heister (0294), Scheuren (0292), Unkel (0293)), Urbar (1355, 1839), Vallendar (1352), Weinähr (0833).

Sa Réin Thuaidh-Westphalia cuimsítear sa limistéar fíonghoirt ATFC i limistéir Oberdollendorf, Niederdollendorf agus Königswinter i mbaile Königswinter, ceantar Honnef (Rhöndorf) i mbaile Bad Honnef, agus ceantar Kessenich i gcathair Bonn.

Is féidir an críochú beacht a fheiceáil ar na léarscáileanna thuasluaite ar a dtaispeántar na fíonghoirt sna bardais, agus iad críochaithe de réir na dáileachta. Is féidir breathnú ar na léarscáileanna sin ag www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein.

Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Prädikatswein (fíon ag a bhfuil tréith ar leith), Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) nó Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ó réigiúin shainithe) ar a bhfuil an t-ainm faoi chosaint 'Mittelrhein', féadfar é a tháirgeadh i limistéar seachas an limistéar fáis sonrach inar baineadh na fíonchaora agus a shonraítear ar an lipéadú, ar choinníoll go bhfuil an limistéar táirgthe lonnaithe sa stát feidearálach céanna nó i stát feidearálach máguaird.

7. **Cineál/cineálacha fíniúna**

Accent

Acolon

Albalonga

Allegro

Arnsburger

Auxerrois - Auxerrois Blanc, Pinot Auxerrois

Bacchus

Baron

Blauburger

Blauer Frühburgunder - Pinot Noir Précoce, Pinot Madeleine, Madeleine Noir, Frühburgunder, Pinot Madelaine

Blauer Limberger - Lemberger, Blaufränkisch, Limberger

Blauer Portugieser

Blauer Silvaner

Blauer Spätburgunder

Blauer Trollinger - Trollinger, Vernatsch

Blauer Zweigelt - Zweigeltrebe, Rotburger, Zweigelt

Blütenmuskateller

Bolero

Bronner

Cabernet Blanc
Cabernet Cantor
Cabernet Carbon
Cabernet Carol
Cabernet Cortis
Cabernet Cubin
Cabernet Dorio
Cabernet Dorsa
Cabernet Franc
Cabernet Mitos
Cabernet Sauvignon
Cabertin
Calandro
Calardis Blanc
Chardonnay
Dakapo
Deckrot
Divico
Domina
Donauriesling
Dornfelder
Dunkelfelder
Ehrenbreitsteiner
Ehrenfelser
Faberrebe
Felicia
Findling
Freisamer
Früher Malingre - Malinger
Früher Roter Malvasier - Malvasier, Früher Malvasier, Malvoisie
Färbertraube
Gelber Muskateller
Gm 643-10
Gm 643-17
Goldmuskateller - Muskateller
Goldriesling
Grüner Silvaner - Silvaner, Sylvaner
Grüner Veltliner - Veltliner
Hegel
Helfensteiner
Helios
Heroldsrebe
Hibernal

Huxelrebe - Huxel
Hölder
Johanniter
Juwel
Kanzler
Kerner
Kernling
Merlot
Merzling
Monarch
Morio Muskat
Muscaris
Muskat Ottonel - Muskat - Ottonel
Muskat Trollinger
Müller Thurgau - Rivaner
Müllerrebe - Schwarzriesling, Pinot Meunier
Neronet
Noblin
Optima 113 - Optima
Orion
Ortega
Osteiner
Palas
Perle
Petite Arvine
Phoenix - Phönix
Pinotin
Piroso
Prinzipal
Prior
Reberger
Regent
Regner
Reichensteiner
Rieslaner
Rondo
Rosenmuskateller - Muskateller
Rosé Chardonnay - Chardonnay, Rosa Chardonnay, Chardonnay Rosé
Rotberger
Roter Elbling - Elbling Rouge
Roter Gutedel - Chasselas Rouge, Fendant Rouge
Roter Muskateller - Muskateller, Muscat, Moscato
Roter Müller - Thurgau
Roter Riesling

Roter Traminer - Clevner, Traminer

Rubinet

Ruländer - Pinot Grigio, Grauburgunder, Grauer Burgunder, Pino Gris

Saint Laurent - St. Laurent, Sankt Laurent

Saphira

Sauvignac

Sauvignon Blanc - Muskat Silvaner

Sauvignon Cita

Sauvignon Gris

Sauvignon Gryn

Sauvignon Sary

Sauvitage

Savagnin Blanc - Weißer Traminer

Scheurebe

Schönburger

Septimer

Siegerrebe

Silcher

Sirius

Solaris

Souvignier Gris

Staufer

Syrah

Tauberschwarz

Verdicchio bianco - Trebbiano di Soave

Villaris

We S 523

Weißer Burgunder - Pinot Bianco, Weißburgunder, Pinot Blanc

Weißer Elbling - Elbling, Kleinberger

Weißer Gutedel - Chasselas Blanc, Fendant Blanc, Fendant

Weißer Riesling - Riesling Renano, Rheinriesling, Klingenberger, Riesling

Wildmuskat

Würzer

8. **Tuairisc ar an nasc (na naisc)**

8.1. *Gach táirge*

Tá limistéar fíonsaothrúcháin 'Mittelrhein' suite idir Bingen agus Bonn, ag críochantacht le hardtailte Siebengebirge agus tá sé thart ar 110 km ar fad. Tá urlár an ghleanna cúng; is ag airde 200-220 m os cionn leibhéal na farraige amháin a leathnaíonn an gleann caol ar chruth V amach i ngleann ardchláir le leibhéil a cruthaíodh i bhfad ó shin. Na limistéir i nGleann na Réine Láir a úsáidtear le haghaidh raon fíonsaothrúcháin ar airde ó thart ar 55 m go 350 m os cionn leibhéal na farraige; is é 170 m os cionn leibhéal na farraige meán-airde na bhfíonghort. Tá aghaidh fhíonghoirt Ghleann na Réine Uachtaraí soir ó dheas go siar ó dheas den chuid is mó; is ar thalamh a bhfuil a haghaidh ag dul ó dheas go siar ó dheas is mó a dhéantar fíonsaothrú i nGleann na Réine Láir Íochtaraí. Ag glacadh Ghleann na Réine Láir ina iomláine, is é 168° (SSE) meán-treoshuíomh na bhfíonghort.

Tá carraigeacha Deavónacha i limistéar Ghleann na Réine Láir den chuid is mó. Tá gaineamhchloch grianchloichíte agus slinnte forleathan ann; faightear méid níos lú de shiostaí feiriúla, siostaí ar a bhfuil liontáin shiliciúla agus grianchloichítí ann. Ní fhaightear carraigeacha ón tréimhse Threasach ach sa limistéar timpeall Königswinter. Cuimsítear leo sin traicítí, toim thraicíteacha, basalt agus laitítí (eisleathadh bolcánach), ar fianaise iad ar ghníomhaíocht bholcánach san am a chuaigh thart. Is gnách go mbíonn roinnt méadar de ghaineamh tiubh agus de chréanna tiubha i dtuilemhánna na Réine, agus bíonn siad cailcreach go minic. Tá na fíniúnacha i nGleann na Réine Láir fréamhaithe go príomha in ithreacha lena mbaineann carraig fhoinseach de siosta Deavónach. Is iad ithreacha donna agus reigeasal na príomhchineálacha ithreach atá ann.

Tá ithreacha para-dhonna forleathan ar an lós torthúil agus ar an dúrabhán lóis. Déantar fíonsaothrú freisin ar chodanna de na tuilemhánna agus na hardáin níos ísle. Maidir le tíopeolaíocht na hithreach, tá ithreacha veigeánacha agus ithreacha donna ina sainghné sna limistéir sin. Ar an gcarraig bholcánach Threasach tá ithreacha donna, reigeasal agus ithreacha fásaigh den chuid is mó.

De réir sonraí meitéareolaíochta, is é 9.7 °C an mheánteocht bhliantúil, agus is é 14.2 °C an mheánteocht le linn an tséasúir fáis. Is ionann an mheánfhrasaíocht bhliantúil agus 665 mm, a tharlaíonn thart ar 60 % di le linn an tséasúir fáis. Le linn an tséasúir sin, baineann na fíniúnacha i limistéar Mittelrhein tairbhe ar an meán as thart ar 615 000 Wh/m² de sholas díreach na gréine. Cinneann an séasúr fáis fada, in éineacht le topagrafaíocht áirithe an limistéir fáis, na tosca mionaeráideacha, comhdhéanamh sonrach na hithreach agus an leibhéal ard ionchuir daonna saintréithe tipiciúla na bhfíonta. Ós rud é go dtreoraíonn an struchtúr ar scála beag agus na fánaí crochta úsáid innealra sna fíonghoirt, teastaíonn go leor oibre chun aire a thabhairt dóibh, agus bíonn éifeacht chobhsaithe aige sin ar an toradh. Cuireann sé sin le cáilíocht na buainte ar bhealach suntasach i dtéarmaí an nirt alcóil nádúrtha íosta, forbairt na mbolaithe agus cothromaíocht aigéid sna fíonta. Tá an toisc dhaonna bunaithe ar thraidisiún fíonsaothrúcháin atá ann leis na céadta bliain. Agus an táirge príomhúil (fíonchaora) á shaothrú acu atá curtha ar leataobh chun an fíon lena ngabhann gnéithe ar leith á tháirgeadh, féadfaidh an saothróir fíniúna bearta speisialta a ghlacadh um chúram plandaí le linn an tséasúir fáis, amhail na duilleoga a bhaint de na limistéir fíonchaoire nó na fíonchaora a thanú, chun cáilíocht níos fearr a bhaint amach chomh maith le comhdhéanamh níos déine comhábhar san fhíonchaor. Anuas air sin, féadann oibríochtaí éagsúla siléir a bhaineann leis an teicneolaíocht, chomh maith le toisc dhaonna bhreise, an fíon lena ngabhann gnéithe speisialta agus a tháirgtear sa deireadh a mhúnlú.

8.2. *Fíon*

Ní mór d'fhíonta ar ardchaighdeán na híoscheanglais a chomhlíonadh in aghaidh catagóire de chineál fíonchaoire a leagtar síos i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge agus féadfar iad a threisiú. Ní mór go gcomhlíonfadh 'Prädikatsweine (fíonta lena ngabhann gnéithe ar leith) na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 ar a laghad agus níor cheart iad a shaibhriú.

8.3. *Fíon leathshúilíneach*

Maidir le fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó na réigiúin shainithe, ní mór go gcomhlíonfadh an táirge bunaidh na híoscheanglais maidir le fíon ar ardchaighdeán sa réigiún ar leith atá leagtha amach faoi phointe 3.2. den tsonraíocht táirge. Coinnítear cuid den dé-ocsaíd charbóin a dhíorthaítear go nádúrtha ó choipeadh le linn coipthe.

8.4. *Fíon súilíneach ar ardchaighdeán*

Ní mór go gcomhlíonfadh an táirge bunaidh na critéir a leagtar amach i bpointe 3.2 den tsonraíocht táirge. Ag brath ar a gcéim fáis agus a n-ionad, maidir le fíonchaora ó fhíonghoirt roghnaithe a úsáidtear chun bunfhíon a dhéanamh atá beartaithe chun fíon súilíneach a tháirgeadh, ní mór iad a bhuaint níos luaithe ionas go gcoinníonn siad struchtúr aigéid úr na bhfíonta súilíneacha ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe. Táirgtear an fíon leis an gcéad nó an dara coipeadh san umar nó sa bhuidéal. I gcás ina dhéantar táirgeadh le modh traidisiúnta an choipthe sa bhuidéal, ní mór dara coipeadh alcólach sa bhuidéal a dhéanamh ar an táirge chun fíon súilíneach a dhéanamh de. Sa chás seo ní mór an táirge a aibiú sa bhuidéal ar feadh 9 mí ar a laghad.

9. **Coinníollacha breise fíor-riachtanacha (pacáistiú, lipéadú, ceanglais eile)**

Fíon, fíon súilíneach ar ardchaighdeán, fíon leathshúilíneach

Creat dlíthiúil:

Sa reachtaíocht náisiúnta

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní mór cigireacht oifigiúil a dhéanamh ar na fíonta chun go ndéanfar iad a lipéadú leis na téarmaí traidisiúnta Qualitätswein (fíon ar ardchaighdeán), Prädikatswein (fíon ag a bhfuil gné ar leith), Qualitätsperlwein b.A. (fíon leathshúilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe) agus Sekt b.A. (fíon súilíneach ar ardchaighdeán ó réigiúin shainithe). Ní mór an uimhir chigireachta a eisítear sa chomhthéacs sin (*amtliche Prüfungsnummer*) a shonrú ar an lipéad. Cuirtear é sin in áit na baiscuimhreach.

Anuas ar an ainm fíona faoi chosaint atá ann cheana, ní mór fíon agus táirgí fíona a lipéadú le ceann amháin de na téarmaí a liostaítear i bpointe 5(a) den tsonraíocht táirge. Tá úsáid na dtéarmaí traidisiúnta a liostaítear i bpointe 5(b) den tsonraíocht táirge roghnach. Féadfar gnéithe reachtúla d'ainmniúchán a úsáid i gcomhréir leis an dlí is infheidhme.

Soláthraítear ar an gclár fíonghort liosta d'ainmneacha limistéar, fionghort ar scála mór, agus fíonghort aonair, agus córais páirceanna neamhfhálaithe is féidir a úsáid mar aonaid gheografacha níos lú. Taispeántar leis teorainneacha na láithreán agus na limistéar i dtéarmaí tagairtí cadastracha (aonad cadastrach, fo-aonad cadastrach, córas páirceanna neamhfhálaithe, dáileacht). Déanann Comhlachas Talmhaíochta Dhúiche na Réine agus na Palaitíneachta é a bhainistiú. Sa Réin Thuaidh-Westphalia, tá siad liostaithe sa Rialachán lena gcuirtear chun feidhme an reachtaíocht maidir le fíon (*Verordnung zur Durchführung des Weinrechts, WeinR-DVO NRW*). Bunaítear an clár fíonghort agus déantar é a choinneáil ar bun ar bhonn:

— Roinn 23(3) agus (4) den Ghníomh Feidearálach um Fhíon (*Weingesetz*);

— Roinn 29 den Rialachán Feidearálach um Fhíon (*Weinverordnung*);

— An Gníomh um Dhúiche na Réine-na Palaitíneachta maidir le hainmniú láithreán agus limistéar agus an clár fíonghort, an Gníomh um Fhíonghoirt (*Landesgesetz über die Festsetzung von Lagen und Bereichen und über die Weinbergsrolle - Weinlagengesetz Rheinland – Pfalz*); - Rialachán na Réine Thuaidh — Westphalia lena gcuirtear chun feidhme an reachtaíocht maidir le fíon (*Verordnung zur Durchführung des Weinrechts, WeinR-DVO NRW*);

— Roinn 2(16) de Rialachán de chuid Dhúiche na Réine agus an Phalaitíneacht maidir le freagrachtaí i réimse na reachtaíochta fíona (*Landesverordnung über Zuständigkeiten auf dem Gebiet des Weinrechts*).

Ní féidir teorainneacha aonad geografach beag a athrú ach le toiliú ó na heagraíochtaí inniúla faoi Roinn 22g den Ghníomh Feidearálach um Fhíon, agus ní mór fógra a thabhairt don Oifig Fheidearálach um Thalmhaíocht agus Bia faoi aon athrú.

Gach táirge

Creat dlíthiúil:

Eagraíocht a bhainistíonn ATFC/TGFC, i gcás ina ndéanann na Ballstáit foráil ina leith.

An cineál coinníll bhreise:

Forálacha breise a bhaineann le lipéadú

Tuairisc ar an gcoinníoll:

Ní fhéadfar ach ainmneacha iarbhír a úsáid ar lipéadú táirgí ATFC 'Mittelrhein' a cuirtear ar an margadh le léiriú ar an gcineál fíniúna. Ceadaítear meascadh le tréithchineálacha nua.

I gcás ina ndearnadh táirge ó fhíonchaora ó thréithchineálacha nua amháin, ní mór é a chur ar an margadh gan an cineál fíniúna a léiriú ar an lipéad.

Nasc chuig an tsonraíocht táirge

www.ble.de/eu-qualitaetskennzeichen-wein